Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

**General Certificate of Secondary Education**
**2010**

# Tíreolaíocht

## Páipéar 1
## Ardsraith

**[G3603]**

G3603

**DÉ LUAIN 14 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **3** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 126 an marc iomlán don pháipéar seo, le 6 mharc ar a mhéad ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá rialóir de dhíth le húsáid le Ceist 1.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| CCS | |
| **Marc Iomlán** | |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

## Téama A: Atmaisféar agus Tionchar Daonna

**1** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 1** a thaispeánann faisnéis ar éifeacht amháin a d'fhéadfadh a bheith ag téamh domhanda. Freagair na ceisteanna a leanann.

### Rómhall leis an fhoraois bháistí a shábháil ar théamh domhanda

Image of Parrot removed due to copyright issues.

Scriosfar na hiarrachtaí atá ar bun le foraois bháistí na hAmasóine sa Bhrasaíl a shábháil mar gheall ar théamh domhanda. Tá príomh-shaineolaithe na Breataine ar athrú aeráide ar aon intinn anois go bhféadfadh 30% den Amasóin bás a fháil faoi 2050 má bhíonn ardú 2°C ar theochtaí an domhain. Agus is ábhar is mó buairt arís é gur féidir go scriosfar 70% den fhoraois bháistí má bhíonn ardú 3°C ann. Is féidir go bhfuil todhchaí dhian i ndán do na pearóidí Amasónacha, amhail an ceann ar thaobh na láimhe clé anseo.

*Foinse: arna chur in oiriúint ó the Guardian Newspaper, 12/03/09.*
*Image http://petparrots.files.wordpress.com/2008/05/amazon-parrots.jpg*

**Fíor 1**

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma **téamh domhanda**?

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Comhlánaigh **Fíor 2** lena thaispeáint cén céatadán den fhoraois bháistí is féidir a chaillfear mar gheall ar théamh domhanda.




**Fíor 2**

[2]

**(iii)** Luaigh dóigh **amháin** ina mbeidh tionchar ag téamh domhanda ar ainmhithe foraoise báistí.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iv)** Luaigh ina hiomláine cúis **amháin** le téamh domhanda.

[3]

**(v)** Luaigh ina n-iomláine **dhá** réiteach ar théamh domhanda.

[6]

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceist 1 ar an chéad leathanach eile)**




*© Geog GCSE by Anna King et al (OUP, 2006), copyright © Oxford University Press 2006, reprinted by permission of Oxford University Press.*

**Fíor 3**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 3** a thaispeánann córas aimsire os cionn na hÉireann agus na Breataine Móire.
Freagair na ceisteanna a leanann.

**(i)** Ainmnigh an cineál de chóras aimsire a thaispeántar in **Fíor 3**.

______________________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an cineál fronta atá cóngarach do Stáisiún A.

______________________________________________________ [1]

**(iii)** Comhlánaigh an tuairisc aimsire seo do Stáisiún A.

Tá sé tirim ag Stáisiún A. Is é __________ cnota luas na gaoithe.

Gaoth ________________ atá ann. Is é __________ ochta an brat

scamaill. Is é __________°C an teocht. [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iv)** Luaigh agus mínigh dóigh **amháin** ar dócha go n-athróidh an aimsir ag A sna chéad 8 n-uaire an chloig eile.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [4]

**(v)** Ní bhíonn réamhaisnéisí aimsire cruinn ach go ceann cúpla lá. Luaigh ina iomláine fáth **amháin** le cad chuige.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 4** a luann cuid de na cúiseanna le héagsúlacht aeráide trasna na hEorpa. Freagair an cheist a leanann.

- Airde
- Domhanleithead
- Gnáthghaotha

**Fíor 4**

Luaigh ina iomláine cad é mar a théann **dhá** thoisc atá luaite in **Fíor 4** i bhfeidhm ar an aeráid trasna na hEorpa.

[6]

**(d)** I gcás ceantar ainmnithe feirmeoireachta a ndearna tú staidéar air, luaigh ina n-iomláine **dhá** dhóigh ar úsáideadh teicneolaíocht le tionchair na haeráide a mhaolú.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

## Téama B: Próisis agus Dúshláin Fhisiciúla

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

2 **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 5** a thaispeánann crios de ghníomhaíocht bolcán agus creathanna talún san Aigéan Ciúin.

**(i)** Ainmnigh an crios gníomhaíochta a thaispeantar ar **Fíor 5** (atá á léiriú ag an líne chorcra).

_______________________________________________ [1]




*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*

**Fíor 5**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(ii)** Agus **Fíor 5** in úsáid agat, luaigh an cineál de theorainn phlátaí atá sa tSeapáin.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Agus **Fíor 5** in úsáid agat, mínigh cad chuige a mbíonn creathanna talún agus bolcáin sa tSeapáin.

[5]

**(iv)** Agus cás-staidéar de theagmhas creatha talún a ndearna tú staidéar air in úsáid agat, luaigh ina iomláine tionchar **amháin** a bhí aige ar na daoine agus luaigh freagairt bhainistíochta **amháin** a cuireadh i bhfeidhm i ndiaidh an teagmhais.

Ainm an chreatha talún

[6]

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 6** a thaispeánann méid an ualaigh a bailíodh ó Abhainn Bhaile an Doire i gContae Thír Eoghain. Freagair na ceisteanna a leanann.




| Uimhir suímh | Fad ón fhoinse (km) |
|---|---|
| 1 | 0.2 |
| 2 | 3 |
| 3 | 7 |
| 4 | 15 |
| 5 | 23 |

*Foinse: An Príomhscrúdaitheoir*

**Fíor 6**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Agus **Fíor 6** in úsáid agat, cuir síos ar cad é mar atá méid an ualaigh ag athrú le sruth.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Comhlánaigh **Fíor 7** trí shaighead a tharraingt ón sainmhíniú go dtí an próiseas ceart. Tá ceann amháin acu déanta.

| Creimeadh | Próiseas | Iompar |
|---|---|---|
| ← | Nuair a imbhuaileann carraigeacha in éadan a chéile go mbristear ina bpíosaí beaga iad. | |
| | Nuair a bhíonn cáithníní á gcoinneáil i sreabhadh an uisce. | |
| | Na cáithníní á mbriseadh ag fórsa glan an uisce. | |
| | Carraigeacha á rolladh feadh leaba na habhann. | |

**Fíor 7** [3]

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **sil-leagan**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 8** a thaispeánann cineálacha difriúla carraige. Freagair na ceisteann a leanann.

| Grianghraf den charraig | Ainm na carraige | An cineál carraige |
|---|---|---|
|  *© Bureau of Economic Geology, The University of Texas at Austin http://www.beg.utexas.edu/mainweb/publications/graphics/granite-400.jpg* | Eibhear | |
|  *© Florida Department of Environmental Protection and Florida Geological Survey* | Aolchloch | |
| Image of Slate rock removed due to copyright issues | Slinn | Meiteamorfach |

**Fíor 8**

**(i)** Comhlánaigh **Fíor 8** tríd an chineál carraige a scríobh sa bhosca cheart. Tá ceann amháin acu déanta. [2]

**(ii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **carraig mheiteamorfach**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Déan staidéar ar **Fíor 9** a thaispeánann gné aolchloiche. Freagair na ceisteanna a leanann.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



*© D J Waters & F G Waters www.earth.ox.ac.uk/%7Eoesis/field/index.html*

**Fíor 9**

**(i)** Ainmnigh an ghné aolchloiche a thaispeántar in **Fíor 9**.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh gné aolchloiche **amháin** eile a bhíonn faoin talamh sa timpeallacht seo.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Cuir síos ar struchtúr aolchloiche agus mínigh cad é mar a chuidíonn próiseas síonchaithimh aolchloiche leis na gnéithe sainiúla sa timpeallacht seo a chruthú.

Struchtúr

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [2]

Próiseas síonchaithimh

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [3]

**(iv)** Folínigh an cineál **amháin** de shíonchaitheamh meicniúil atá sa liosta seo thíos.

**bitheolaíoch** **reo is coscairt** **sil-leagan** [1]

**(v)** I gcás ceantar aolchloiche **amháin** in Éirinn nó sa Bhreatain Mhór a ndearna tú staidéar air, luaigh ina iomláine easaontas leasa **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ann idir grúpaí difriúla daoine a úsáideann an ceantar agus luaigh ina hiomláine freagairt bhainistíochta **amháin** a cuireadh i bhfeidhm leis an chás a réiteach.

Ainm an cheantair aolchloiche ______________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

## Téama C: Éiceachórais agus Inbhuanaitheacht

**3** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 10** a thaispeánann biashlabhra a d'fhéadfadh a bheith i dtalamh portaigh in Éirinn. Freagair na ceisteanna a leanann.




**Fíor 10**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(i)** Is cineál ithreach í móin. Cad é a chiallaíonn an téarma **ithir**?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh táirgeoir **amháin** agus tomhaltóir **amháin** a thaispeántar in **Fíor 10**.

Táirgeoir ______________________________ [1]

Tomhaltóir ______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Mínigh an fheidhm atá le táirgeoirí in éiceachóras.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

**(iv)** Tá líon na bpocairí gaoithe in Éirinn ag dul i laghad. Luaigh ina hiomláine éifeacht **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar an éiceachóras talamh portaigh.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(v)** Déan staidéar ar **Fíor 11** ina luaitear cuid de na dóigheanna a mbíonn tionchar ag daoine ar cheantair thalamh portaigh. Freagair an cheist a leanann.

- Coilltiú
- Baint mhóna
- Innilt chaorach

**Fíor 11**

Luaigh ina iomláine cad é mar a théann **dhá cheann** de na gníomhaíochtaí seo i bhfeidhm ar éiceachóras talamh portaigh ainmnithe a ndearna tú staidéar air.

[6]

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 12** a thaispeánann dáileadh na bhforaoisí trópaiceacha báistí ar fud an domhain. Freagair na ceisteanna a leanann.




Eochair: ■ Foraoisí trópaiceacha báist *© Mongabay.com http://www.mongabay.com/images/rainforests/world-rainforest-map.jpg*

**Fíor 12**

**(i)** Cuir síos ar dháileadh na bhforaoisí trópaiceacha báistí.

[5]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Luaigh ina hiomláine dóigh **amháin** a dtéann aeráid na bhforaoisí báistí i bhfeidhm ar an fhásra nó ar an ithir.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(iii)** Cuir síos ar bheart caomhnaithe i bhforaois bháistí ainmnithe a ndearna tú staidéar uirthi. Luaigh ina iomláine cad é mar atá an beart seo ag cuidiú leis an éiceachóras.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [7]

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 13** a thugann faisnéis ar fheirm saoire éiceathurasóireachta in Norfolk, Sasana. Freagair na ceisteanna a leanann.



**Feirm Deepdale**

Brú agus ionad campála éiceabhách, ionad eolais do chuairteoirí, siúlóidí feirme agus feirmeoireacht, ar ndóigh, ar chósta galánta Norfolk thuaidh



**Deepdale Backpackers Hostel** | **Deepdale Granary Group Hostel** | **Deepdale Camping** | **Deepdale Tipis**

Ionad Eolais do Chuairteoirí | Imeachtaí agus Cúrsaí | Gníomhaíochtaí agus Tarraingtí | Siúl agus Rothaíocht | Faoi Deepdale | An Dóigh le Teacht Orainn



Éiceapholsaithe

Tá na fálta sceach go fóill againn le beathra éan a spreagadh. Rinneadh suirbhé ar éin ar na mallaibh agus fuarthas amach go bhfuil 52 speiceas éan ar a laghad i mbun póraithe ar an fheirm.

Glactar an-chúram le feirmeoireacht na mbarr lena chinntiú go n-íoslaghdaítear ar shrianadh ceimiceach lotnaidí agus galar.

**Fíor 13**

*© Deepdale Farm*

**(i)** Luaigh gníomhaíocht turasóireachta **amháin** a bhíonn ar bun in éiceachóras Norfolk.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh dóigh **amháin** a bhfuil inbhuanaitheacht an éiceachórais áitiúil á cinntiú ag an fheirm saoire seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** I dtaca le limistéar trópaiceach ainmnithe a ndearna tú staidéar air, luaigh ina n-iomláine buntáiste **amhain** agus míbhuntáiste **amháin** a bhí ann mar gheall ar éiceathurasóireacht.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Caighdeán na cumarsáide scríofa | |
| | |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

*Source of images used in Fig. 10: http://www.scotlandframed.co.uk/images/Flowers/Bog-Cotton*
*http://img.thesun.co.uk/multimedia/archive/00472/SNN2120FROG_472736a.jpg*
*http://www.rspb.org.uk/wildlife/name/blackslug/index.asp*
*http://www.rspb.org.uk/wildlife/birdguide/name/kestrel/index.asp*
*http://www.rspb.org.uk/wildlife/birdguide/name/k/buzzard/index.asp*
*http://www.dkimages.com/discover/previews/865/80015765.JPG*
*http://www.dkimages.com/discover/previews/962/35013105.JPG*
*http://farm1.static.flickr.com/50/134204795_5aac598511.jpg*

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.